II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/1518 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Márta 2022

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le réamhtheachtaithe drugaí áirithe a chur le liosta na substaintí sceidealaithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le réamhtheachtaithe drugaí ([1]), agus go háirithe Airteagal 15 de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 lena leagtar síos rialacha maidir le faireachán ar thrádáil na réamhtheachtaithe drugaí idir an tAontas agus tríú tíortha ([2]), agus go háirithe Airteagal 30a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 bearta maidir le faireachán ar thrádáil na réamhtheachtaithe drugaí laistigh den Aontas, agus rialaítear le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 trádáil na réamhtheachtaithe drugaí idir an tAontas agus tríú tíortha. Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005, i ngach ceann de na hIarscríbhinní sin tá liosta de shubstaintí sceidealaithe, substaintí atá faoi réir bearta rialaithe agus faireacháin dá bhforáiltear leis na Rialacháin sin.

(2) Tá sé curtha in iúl ag údaráis inniúla náisiúnta gur urghabhadh alfa-feinilaicéataicéatáit eitile (EAPA) agus 3-ocsó-2-(3,4-meitiléindé-ocsaifeinil)bútánóáit meitile (MAMDPA) i gcomhthéacs mhonaraíocht aindleathach drugaí támhshuanacha.

(3) Úsáidtear EAPA chun 1-feinil-2-própánón (P-2-P), nó céatón meitile beinsile (BMK) mar a thugtar air freisin, a tháirgeadh. Is réamhtheachtaí de chuid an amfataimín agus an mheitiolamfataimín é BMK.

(4) Úsáidtear MAMDPA chun 3,4-meitiléindé-ocsaifeinilpropán-2-ón (PMK) a tháirgeadh, agus is réamhtheachtaí é sin de chuid 3,4-meitiléindé-ocsaimeitilamfataimín (MDMA), rud a dtugtar "eacstais" air go coitianta.

(5) Tá an t-amfataimín, an meitiolamfataimín agus MDMA ar na drugaí is coitianta a tháirgtear go haindleathach san Aontas. Bíonn iarmhairtí tromchúiseacha acu ar shláinte an duine agus is cúis iad le fadhbanna tromchúiseacha sóisialta agus fadhbanna tromchúiseacha sláinte poiblí i roinnt réigiún den Aontas.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart EAPA agus MAMDPA a sceidealú ar leibhéal an Aontais chun an rialú agus an faireachán orthu a threisiú.

([1]) IO L 47, 18.2.2004, lch. 1.
([2]) IO L 22, 26.1.2005, lch. 1.

(7) Na substaintí sceidealaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 agus san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005, roinntear iad ina gcatagóirí, catagóirí dá gcuirtear bearta éagsúla i bhfeidhm, ionas go mbainfear cothromaíocht chomhréireach amach idir leibhéal na bagartha a bhaineann le gach substaint faoi seach agus an t-ualach ar an trádáil dhleathach. Cuirtear na bearta rialaithe agus faireacháin is doichte i bhfeidhm maidir leis na substaintí i gCatagóir 1.

(8) Ós réamhtheachtaithe de chuid an amfataimín, an mheitiolamfataimín agus MDMA iad EAPA agus MAMDPA, is bagairtí móra sláinte sóisialta agus sláinte poiblí iad san Aontas. Ní heol aon táirgeadh, trádáil ná úsáid dhleathach a bheith i gceist leo, ach amháin chun críocha an taighde. Dá bhrí sin, dá gcuirfí iad le Catagóir 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 agus le Catagóir 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005, is freagairt leordhóthanach a bheadh ansin chun a n-úsáid i dtáirgeadh neamhdhleathach na ndrugaí támhshuanacha a sheachaint agus, san am céanna, ní chuirfí ualach mór riaracháin breise ar na hoibreoirí eacnamaíocha ná ar na húdaráis inniúla san Aontas.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (CE) Uimh. 273/2004 agus (CE) Uimh. 111/2005 a leasú dá réir.

(10) Le comhéifeacht Rialacháin (CE) Uimh. 273/2004 agus (CE) Uimh. 111/2005, cuirtear i bhfeidhm forálacha áirithe de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha, arna dhéanamh i Vín an 20 Nollaig 1988 agus arna fhormheas le Cinneadh 90/611/CEE ón gComhairle ([3]). I bhfianaise an dlúthcheangail shubstaintigh idir na cumhachtuithe atá sa dá Rialachán sin, is iomchuí na leasuithe a ghlacadh trí bhíthin aon ghnímh tharmligthe amháin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 273/2004

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 111/2005

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Cinneadh 90/611/CEE ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 1990 maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha a thabhairt i gcrích thar ceann Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO L 326, 24.11.1990, lch. 56).

IARSCRÍBHINN I

I Rialachán (CE) Uimh. 273/2004, in Iarscríbhinn I, sa tábla a bhaineann le Catagóir 1, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach i liosta na substaintí san áit atá iomchuí go seicheamhach de réir a gCóid AC:

Substaint	Ainmniúchán AC (más éagsúil)	Cód AC	Uimh. CAS
"alfa-feinilaicéataicéatáit eitile (EAPA) (*)		Ex 2918 30 00	5413-05-8
3-ocsó-2-(3,4-meitiléindé-ocsaifeinil) bútánóáit meitile (MAMDPA) (**)	3-ocsó-2-(3,4-meitiléindé-ocsaifeinil) bútánóáit meitile	Ex 2932 99 00	1369021-80-6

(*) rud ar a dtugtar freisin 3-ocsó-2-feinilbútánóáit eitile, de réir IUPAC (Aontas Idirnáisiúnta na Glan-Cheimice agus na Ceimice Feidhmí).

(**) rud ar a dtugtar freisin 2-(2H-1,3-beinsidé-ocsól-5-il)-3-ocsóbútánóáit meitile, de réir IUPAC.".

IARSCRÍBHINN II

I Rialachán (CE) Uimh. 111/2005, san Iarscríbhinn, sa tábla a bhaineann le Catagóir 1, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach i liosta na substaintí san áit atá iomchuí go seicheamhach de réir a gCóid AC:

Substaint	Ainmniúchán AC (más éagsúil)	Cód AC	Uimh. CAS
"alfa-feinilaicéataicéatáit eitile (EAPA) (*)		Ex 2918 30 00	5413-05-8
3-ocsó-2-(3,4-meitiléindé-ocsaifeinil) bútánóáit meitile (MAMDPA) (**)	3-ocsó-2-(3,4-meitiléindé-ocsaifeinil) bútánóáit meitile	Ex 2932 99 00	1369021-80-6

(*) rud ar a dtugtar freisin 3-ocsó-2-feinilbútánóáit eitile, de réir IUPAC (Aontas Idirnáisiúnta na Glan-Cheimice agus na Ceimice Feidhmí).

(**) rud ar a dtugtar freisin 2-(2H-1,3-beinsidé-ocsól-5-il)-3-ocsóbútánóáit meitile, de réir IUPAC.".